

An Dr. Séamas Ó Direáin
Roinn na NuaGhaeilge
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Corcaigh

Foinsí agus Faisnéis: ag Bailiú Sonraí faoi na Canúintí in Oileáin Árann

Bailíodh a lán faisnéise le breis agus céad bliain faoi na canúintí in Oileáin Árann, idir ábhar scríofa agus ábhar taifeadta. Déanfar plé sa pháipéar seo ar na foinsí is mó a sholáthraíonn eolas ar fhoghraíocht, ar ghramadach, agus ar stór focal na gcanúintí sna hoileáin sin thar thréimhse céad bliain, idir bhuanna agus laigí. Déanfar tagairt anseo agus ansiúd don taighde a rinne mé féin in Oileáin Árann -- go háirithe in Inis Mór -- taighde a bhí faoi stiúir Mháirtín Uí Mhurchú agus faoi choimirce Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, ach ní dhéanfar mórán plé sa bpáipéar seo ar aidhmeanna agus ar mhodhanna oibre an taighde sin mar tá cur síos fairsing déanta agam air sin i bpáipéar a léigh mé ag Ollscoil Luimnigh in earrach na bliana seo (Ó Direáin, 2000; cf. freisin Duran, 1992, 1994, 1995, 1996).

Ar an gcéad dul amach, ámh, ba mhaith liom dreach tíre teangeolaíoch, nó "Sprachlandschaft" mar a thug an Dr. Heinrich Wagner air, a leagan amach romhaibh (cf. Wagner, 1981). Is dreach tíre samhailteach sa gcás seo, ámh, a thabharfas léargas daoibh, b'fhéidir, ar an ngaol atá ann idir na canúintí in Oileáin Árann, de réir mo thuisceana faoi láthair.

Dá mbeadh talamh agus farraige thart ar Chuan na Gaillimhe leagtha amach de réir ghaol na gcanúintí lena chéile, seo é an radharc a bheadh romhaibh. Bheadh ceann tíre ag gobadh amach roinnt ó Chois Fharráige i dtreo Inis Oírr, agus bheadh Inis Mór mar scata bailte fearainn ar an gceann tíre sin, ach gar go leor do Chois Fharráige féin. Bheadh Inis Meáin ar rinn an chinn tíre sin, ach ní bheadh oiread is achar baile fearainn idir an dá phobal, agus, i ndáiríre, ní fhéadfá a rá nach aon phobal amháin iad.

Maidir le hInis Oírr, trasna an Chuain ón gceann tíre sin, ní bheadh sí féin ina hoileán ach ina ceann tíre chomh maith, ag gobadh amach beagáinín as Ceann Boirne, agus cósta Chontae an Chláir lena chanúintí ag síneadh ó dheas uathí ar thaobh amháin agus na canúintí atá le feiceáil ar aon ghnáthléarscáil ar chósta thoir theas Chuan na Gaillimhe ag síneadh soir ón gceann tíre sin ar an taobh eile i dtreo na Gaillimhe. Bheadh Cinn Mhara achar soir ón rinn sin; ní bheadh na tréithe láidre Muimhneacha le cloisteáil sa bpobal ann agus a bheadh le cloisteáil ag na daoine ar rinn Cheann Boirne, ach bheadh na mionsonraí idir an dá phobal sách cosúil lena chéile. Maidir le teorainneacha canúna, is ar éigean a d'fhéadfaí teorainn ar bith a shonrú chomh fada ó thuaidh le Gaillimh, agus fíu i bhfad i bhfad o thuaidh, siar ó thuaidh, agus soir ó thuaidh, go domhain in Íochtar Chonnacht.

Grádú mín tréithe agus ní teorainneacha soiléire borba a bheadh le feiceáil in aon áit, agus, má tá an ceart ag Nicholas Williams faoin "nGaeilge Gháileonach", bheadh sé chomh deacair teorainn a shonrú soir ó Chonnachta chomh fada le Baile Átha Cliath agus a bheadh sé teorainn a shonrú in aon áit in Íochtar Chonnacht. Maidir le Conamara, bheadh sé ina oileán mór go díreach siar ó Ghaillimh. Ní siar ó Ghaillimh agus Mionlach a bheadh cósta na farraige ag síneadh ansin, ach i bhfad

siar ó thuaidh ar imeall thoir Loch na Coirbe, agus bheadh Maigh Cuilinn ina hoileán nó ina droichead idir Gaillimh agus Conamara.

Ar ndóigh, bheadh an-bhaint ag muintir Rinn Cheann Boirne le muintir Rinn Chois Fharráige -- a lán trádála thar farráige agus, ar ndóigh, a lán pósaíochta a d'fhágfadh a rian ar chaint an dá phobail, ach ba léir go mbeadh tionchar ó chaint mhuintir Rinn Chois Fharráige i bhfad níos láidre ar chaint mhuintir Rinn Cheann Boirne ná a mhalairt, sa chaoi go bhféadfá a rá gur lonnigh slua maith daoine as Rinn Chois Fharráige isteach i Rinn Cheann Boirne ag am éigin taobh istigh de chúpla céad bliain ó shin.

Le cúnamh an dreacha tíre shamhailtigh sin, b' fhéidir go dtuigfeadh sibh níos fearr tábhacht cuid de na foinsí a luaifeas mé sa bpáipéar seo agus na gabhail ghaoil a atá ann, dar liom féin, idir na foinsí seo -- mar tá gaol láidir eatarthu uiliug, agus comhlíonann siad a chéile ar bhealach nach bhféadfadh na taighdeoirí féin a thuiscint agus iad a déanamh a gcuid taighde le céad bliain anuas. Tuigfidh muid níos fearr, b'fhéidir, tábhacht thaighde an Ollaimh Tomás de Bhaldraithe do thaighde ar chanúintí Oileán Árann, idir a chuid taighde i gCois Fharráige agus a chuid taighde i Mionlach, láimh le Gaillimh (cf. de Bhaldraithe, 1981, 1985). Deirtear gurb é an leabhar *Gaeilge Chois Fhairrge: An Deilbhíocht* (de Bhaldraithe, 1953) an cuntas is cuimsithí a foilsíodh riamh ar aon chanúint de chuid na Gaeilge, agus is maith ann dúinne é. Agus an cuntas fairsing ann ar thréithre dheilbhíocht chanúint Chois Fharráige, chomh maith le cuntas téagartha ar fhoghraíocht na canúna, is é sin, *The Irish of Cois Fhairrge, Co. Galway: A Phonetic Study* (de Bhaldraithe, 1966), níorbh fhiú, dar liom féin, a léithéidí de chuntais a scríobh ar Ghaeilge Inis Mór ná ar Ghaeilge Inis Meáin ó ba léir ó thosaigh mé ar an taighde in Inis Mór go raibh gaol an-ghairid ann idir Gaeilge an dá oileán sin agus Gaeilge Chois Fharráige. Maidir le Gaeilge Inis Oírr, ámh, ba léir ón tús go dteastódh cuntas fairsing ar Ghaeilge an oileáin sin ó bhí sí chomh leithleach sin ó na canúintí thuasluaite, ach bhí tús maith curtha ar an gcuntas sin cheana ag Brian Ó Catháin ina thráchtas M.A. ar an mbriathar i nGaeilge Inis Oírr (Ó Catháin, 1990).

D'fhéadfaí a rá, mar sin, gur beag tréith chanúnach atá le fáil i nGaeilge Inis Mór nó i nGaeilge Inis Meáin nach bhfuil le fáil i leabhair an Ollaimh de Bhaldraithe ar chanúint Chois Fharráige, ach is i bhfairsinge nó i minicíocht na dtréithre sin i mbéal an phobail is mó a bheadh na difríochtaí idir canúintí an dá oileán sin agus canúint Chois Fharráige. Tréith a bheadh i réim i nGaeilge Chois Fharráige, b'fhéidir gur thréith thánaisteach nó fiú tréith annamh sna hoileáin í -- agus a mhalairt de scéal maidir le saintréithe na n-oileán. Is minic, mar shampla, saintréith de chuid Inis Mór luaite mar cheann de leathdhosaen leaganacha tánaisteacha de thréith áirithe i gcanúint Chois Fharráige ag bun leathanaigh áirithe sa leabhar *Gaeilge Chois Fhairrge: An Deilbhíocht*. (Dála an scéil, is fiú aird a thabhairt anseo ar thábhacht na nótaí don chanúineolaí sa leabhar céanna). Ar an téama sin, ba inmholta don scoláire agus é/í ag déanamh taighde in Oileán Árann gan a mhaíomh nach bhfuil a leithéid seo nó a leithéid siúd de thréith le fáil i gConamara, mar is léir dom féin go bhfuil tréithe "Árannacha", mar dhea, le cloisteáil ó chainteoirí as Conamara ar Raidió na Gaeltachta nach bhfuil trácht orthu, b' fhéidir, sna cuntais ar chanúintí Chonamara. Is iontach an áit a bhfaighfeá gliomach, agus thabharfainn féin an leabhar, mar shampla, gur chuala mé an leagan Árannach "muinn" i leaba an leagain "muid" ag duine as Conamara ar Raidió na Gaeltachta. Cheap mé le fada gurb í saintréith de chuid Inis Mór é an leagan "/saĩrə/" nó "/sãmrə/" (= *samhradh*), ach tá sé luaite le Gaeilge Charna ag Ruairí Ó hUiginn ina chuntas ar chanúintí Chonnacht sa leabhar

Stair na Gaeilge (Ó hUiginn, 1994, 552). Is fiú smaoineamh ar rud a dúirt bean as Inis Meáin liom -- go raibh *Cré na Cille* léite aici agus nach raibh focal ná cor cainte sa leabhar nach raibh cloiste aici in am éigin ag duine éigin in Inis Meáin féin.

Agus "talamh slán" déanta againn de Chois Fharráige agus de na hoileáin amach uaidh, téadh muid anois ó oileán go hoileán, ag scrúdú na bpríomhfhoinsí eolais atá ar fáil ar Ghaeilge Oileán Árann. Tosaíodh muid le hInis Mór, áit a bhfuil eolas againn air le breis is céad bliain anuas, ón am ar thosaigh an scoláire Gearmánach Franz Nikolaus Finck agus an scoláire Danmhargach Holger Pedersen ag déanamh taighde ar chanúint Inis Mór. De réir a chuntais féin, bhí Finck i mbun taighde sna trí oileán ar feadh breis agus bliain sna blianta 1894-95¹, ach is léir ó na samplaí a thugann sé den chanúint agus ó na tagairtí iomadúla a dhéanann sé dá phríomhfhaisnéiseoir gur in Inis Mór a rinne sé bunús a chuid taighde (cf. Finck, 1899). Tháinig Pedersen faoi dheireadh na bliana 1895, nuair a bhí Finck imithe cheana, agus chaith Pedersen féin ceithre mhí go leith ag déanamh taighde. Is iontach an saibhreas cainte atá fáighte againn anois ón mbeirt. Bhí mé féin roinnt géar ar thaighde Finck i bpáipéir eile, agus ba mhaith liom cúiteamh a dhéanamh leis sa bpáipéar seo. Dúirt mé go ndearna sé meascán den ábhar ó na trí oileán agus é ag scríobh faoin "gcanúint Árannach", mar dhea, tuairim a nochtaigh Brian Ó Catháin chomh maith faoin ábhar. Arís, bhí amhras orm faoina chumas éisteachta maidir le fuaimanna áirithe, m. sh., an tsraith consan [ɲg] sa bhfocal *teanga*, a bheadh scríofa mar [ɲ] aige scaití. Is tréith í sin atá le fáil thoir ar an móirthír, ach nach samhlóinn féin le Gaeilge na n-oileán, agus shíl mé gurbh fhéidir go raibh foghraíocht na Gearmáinise ag teacht salach ar an éisteacht aige. Rud eile a chuir amhras orm -- na leaganacha briathra táite a bhí le fáil sna paraidímí nach raibh sampla ar bith acu le fáil sna samplaí a foilsíodh sa ngraiméar ná sa bhfoclóir.

Tá mé tagtha ar mhalairt intinne ar fad anois. Dar liom féin go bhfuil taifead luachmhar againn ó Finck de chaint na ndaoine in Árann breis is céad bliain ó shin, ach ní taifead de chanúintí na dtrí oileán é ach taifead chanúint mhuintir an Chinn Thoir in Árann féin -- is é sin, in Inis Mór. Tá deich gcinn de shamplaí focal as Inis Oírr tugtha aige sna nótaí deiridh ina fhoclóir, ach níl ach sampla amháin a thabharfadh le fios duit gur leag sé cois riamh in Inis Oírr: an leagan briathair *brifim* ([brif'ɪm'], = *bruithim*), a bhfuil [f'] na haimsire fáistíní ann, cé go bhfuil briathar an tsampla san aimsir láithreach. D'fhéadfaí a ghlacadh uaidh go raibh sé ann agus gur mheall sé samplaí as muintir Inis Oírr, ach ní léir go bhfuair sé téacs nádúrtha uathu riamh, mar dá bhfaigheadh, bheadh an téacs is giorra breac le thréithe Muimhneacha. Féach ar an scéal gearr, mar shampla, -- i bhfoirm téacs trí pharagraf i bhfogharscríobh-- a fuair Myles Dillon in Inis Oírr sa mbliain 1932, téacs a luafaidh mé níos faide anonn (Dillon, 1939). Maidir le Inis Meáin, níl sampla ar bith as Inis Meáin luaite aige. Os a choinne sin, tá lear samplaí de thréithe an Chinn Thoir in Inis Mór le fáil ina chuid samplaí -- an guta fada [e:] in áit an défhoghair [iə], mar shampla, i bhfocail ar nós [je:r] (= *síar*). Agus tá a fhaisnéiseoir i gCill Rónáin luaite go minic aige, nuair is ar éigin atá faisnéiseoir ar bith in aon áit eile luaite aige. Is léir freisin, dála an scéil, go raibh na foirmeacha scartha sna briathra atá chomh fairsing sin anois i gcaint mhuintir an Chinn Thoir le cloisteáil ann cheana céad bliain ó shin (m. sh., *ní thagann mé* i leaba *ní thagaim*).

¹ Deir sé féin i nótaí a leabhair féin (Finck, 1899, II, 261) "dass ich vier mal so lange auf Aran war, als Pedersen, d. h., den Aufenthalt auf allen drei inseln zusammengerechnet".

Maidir lena chumas éisteachta, caithfidh mé a rá nach gcuireann na samplaí éideimhne isteach orm go mór a thuilleadh. B'fhéidir gur chuala sé [tʃæŋə] ag duine in áit [tʃæŋgə], nó [ʃæfo:g] in áit [ʃæfo:d']. Is léir, ámh, gur dheacair dó consain chaola a idirdhealú ó chonsain leathana i lár agus i ndeireadh an fhocail i gcás na gconsain leachtach, srónach, agus liopach, ach bhí an fhadhb chéanna ag Holger Pedersen. Féach, mar shampla, ar an gcur síos ag an eagarthóir Ole Munch-Pedersen ar an bhfadhb sin i *Scéalta Mháirtín Neile* (*Scéalta*, 1994, xlvi-lv). Ach tríd agus tríd, creidim nach gcuireann an fhadhb áirithe sin de chuid Finck isteach ró-mhór ar an gcanúineolaí. Tá mé cinnte, leis, gur chuala sé na haifricéid [tʃ] agus [dʒ] in áit [t'] agus [d'] i gceart, mar tá siad go tiubh ó Chill Rónáin soir go hInis Oírr sa lá atá inniu ann. An t-aon áit a bhfuil amhras orm go ndeachaigh sé amú, b'fhéidir, ná sna leaganacha (*gə*) *cigə* / (*gə*) *jigə* (= (*go*) *tuige*) leis na fuaimeanna [tʃ] nó [dʒ] in áit an chonsain [t]. [t] i bhí i nótaí Pedersen, agus [t] a fuair mé ó m' fhaisnéiseoirí i gCorrúch.

Maidir leis na foirmeacha táite briathartha atá le fáil i bparaidímí Finck nach bhfuil samplaí acu le fáil taobh amuigh de na paraidímí féin, tá siad le fáil go tiubh sna scéalta a bhailigh Pedersen féin agus a foilsíodh le déanaí faoin teideal *Scéalta Mháirtín Neile* (*Scéalta*, 1994). Tá leagan amháin sna paraidímí, ámh, nach bhfuil sampla de le fáil in aon áit: an leagan [o: α:] (athscríofa ó fhogharscríobh Finck go fogharscríobh IPA) den deireadh briathartha *-ófa*). Tá sampla amháin den deireadh - *ófa* tugtha ina fhoclóir ag Finck agus trí shampla ar a laghad tugtha ag Pedersen i *Scéalta Mháirtín Neile*, ach is é an leagan céanna acu an ceann a fuair mé féin in Oileáin Árann i gcónaí: [α:] , m.sh., [ə g'æ:Nα:] (= *an gceannófa...?*).

In ainneoin na rudaí beaga sin, d'fhéadfá a rá go bhfuil foghraíocht agus deilbhíocht chanúint an Chinn Thoir taifeadta ag Finck agus go bhfuil deilbhíocht agus comhréir na canúna sin taifeadta ag Pedersen, mar cé go raibh na scéalta go léir scríofa i bhfogharscríobh ag Pedersen féin, tá na scéalta curtha i gcló ag an eagarthóir, Ole Munch-Pedersen, "i litriú atá bunaithe go príomhúil ar Chaighdeán Oifigiúil an lae inniu". Ar ndóigh tá muide, mar scoláirí, go mór faoi chomaoin ag an uasal Munch-Pedersen as an eagarthóireacht chúramach atá déanta aige ar na scéalta a bhreac Holger Pedersen síos. Mar gheall ar an obair sin, tá breis is trí chéad leathanach de théacsanna i gcaint nádúrtha sna scéalta ó Pedersen le cur leis an ábhar a d'fhoilsigh Finck -- breis agus dhá chéad leathanach ag cur síos ar fhoghraíocht agus ar ghramadach na canúna agus beagnach trí chéad go leith leathanach ar an stór focal agus na focail féin neadaithe go minic in abairtí nádúrtha samplacha. (Tá na nótaí agus an t-innéacs istigh sa bhfigiúr deiridh sin).

Bhailigh Pedersen an chuid is mó dá abhar ó Mháirtín Neile Ó Conghaile i mBaile na Creige, atá i lár an oileáin ach sa gCeann Thoir, agus bhailigh Finck furmhór a ábhair féin ó Mharcus Ó Flaithearta i gCill Rónáin. Bhí Marcus mar fhaisnéiseoir ag Pedersen freisin ar feadh tamaill. Mar a tharla, nuair a tháinig mé féin go hÁrann i samhradh na bliana 1990 le taighde canúineolaíochta a thosú ann, rinne mé féin furmhór mór mo chuid taighde féin i gCorrúch, an baile fearainn atá ag teorainn thiar Bhaile na Creige agus an áit ar rugadh mo sheanathair féin. Bhailigh mé ábhar taifeadta ó fhaisnéiseoirí eile a rugadh i mbailte fearainn eile ar fud an oileáin, ach ó tá muintir mo sheanmháthar go tiubh i gCill Rónáin, d'éirigh mé an-chleachtach ar chanúintí an dá áit a ndearna Pedersen agus Finck a gcuid taighde iontu. D'fhéadfá a rá mar sin go bhfuil taifeadadh déanta ní amháin ar Ghaeilge Inis Mór ach ar an gGaeilge in ionann agus sna bailte fearainn céanna thar thréimhse céad bliain.

Bhailigh mé féin ábhar ó naonúr faisnéiseoirí in Inis Mór. Ní ghabhfaidh mé i bhfadscéal anois leis an obair sin ó tá eolas fairsing tugtha uirthi sa bpáipéar luaite ag tús an pháipéir seo (Ó Direáin, 2000). Is leor a rá anseo gur chuir mé ceistneoir *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects* (LASID; cf. Wagner 1981, 1982) ar bheirt i gCorrúch, agus gur bhailigh mé a lán eolais eile uathu chomh maith. Chuir mé abairtí trialach i mBéarla le haistriú go Gaeilge orthu agus ar sheachtar eile tríd an oileán le tréithe áirithe de Ghaeilge an oileáin a mhealladh astu; foilseofar toradh 125 de na habairtí sin ó ochtar de na faisnéiseoirí go luath. Cuireadh ceistneoir sochtheangeolaíoch ar na faisnéiseoirí uiliug freisin a thugann sampla maith den chaint nádurtha leanúnach go minic. Is é an t-ábhar taifeadta sin ó Inis Mór is mó atá le fáil ar na 46 caiséad 90-nóiméad a bhailigh mé in Oileáin Árann fré chéile thar chúig shamhradh.

Tá ábhar eile taifeadta ag taighdeoir eile, Pádraigín Clancy. Is scoláire óg ag UCD atá ag scríobh a tráchtas M.A. i mbéaloideas í, agus tá blianta caite san oileán aici. Scéalta ó na scéalaithe is fearr ar fud Inis Mór, chomh maith lena lán béaloidis eile, atá taifeadta aici, agus tá súil agam gur gearr go mbeidh an bailiúchán luachmhar sin ar fáil ag scoláirí. B' fhiú a lua freisin roinnt scéalta a bhailigh Seosamh Ó Flannagáin, múinteoir scoile i nEoghanacht, Inis Mór, a fuair bás go tragóideach sa mbliain 1939 (cf. Ó Flannagáin, 1932, 1934, 1939). Níl siad scríofa i bhfogharscríomh, ámh, agus ba dheacair a rá cé mhéad athcheartaithe a bheadh déanta aige ar an ábhar a bhailigh sé. Ina dteannta sin, tá roinnt alt foilsithe san iris *Éigse* faoi thréithe chanúint Inis Mór ab fhiú a lua chomh maith: ceann a scríobh Liam Ó Dochartaigh (Ó Dochartaigh, L., 1973), ceann a scríobh Brian Ó Catháin (Ó Catháin, 1993b), agus ceann a scríobh Séamas Ó Murchú (Ó Murchú, S., 1991).

Maidir le Gaeilge Inis Meáin, is é an t-ábhar a foilsíodh in *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects* an t-ábhar is tábhachtaí ar fad. Is é Myles Dillon an taighdeoir a chuir ceistneoir LASID ar fhaisnéiseoirí ann i luath-chaogaidí na haoise seo caite. Ba scoláire é a raibh seantaithí aige ar chanúintí Oileáin Árann agus a bhí cleachtach ar an bhfogharscríobh. Is é Heinrich Wagner, ámh, a chuir ceistneoir LASID ar fhaisnéiseoirí in Inis Oírr sa tréimhse ama chéanna, agus is fiú cuimhneamh air sin, agus muid ag cur toradh LASID sa dá oileán sin i gcomparáid lena chéile, mar tá seans ann i gcónaí nach difríocht tréithe difríocht ar bith a shonródh muid idir an dá oileán ach difríocht éisteachta idir an bheirt taighdeoir. B'fhéidir go réiteodh an t-ábhar atá bailithe agam féin sa dá oileán -- idir an t-ábhar taifeadta agus an t-ábhar a fhoilseofar amach anseo -- cuid de na ceisteanna a d'fhéadfaí a chur faoi ábhar LASID. Mar fhocal scoir, is fiú an leabhar beag a scríobh an scoláire Mícheál Ó Siadhail a lua, *Téarmaí Tógála agus Tís as Inis Meáin* (Ó Siadhail, 1978), a chuireann síos ar na gléasanna idir shean agus nua atá in úsáid anois i dteallaigh Inis Meáin agus na téarmaí Gaeilge a chuirtear orthu.

Maidir le hInis Oírr, is é ábhar LASID arís an phríomhfhoinsé atá againn ar Ghaeilge an oileáin seo. Ós é Heinrich Wagner féin a rinne an taighde ann, is fiú cúpla focal a rá anseo faoi ábhar agus leagan amach LASID fré chéile. Is fiú na léirmheasanna a rinneadh ar an atlas sin a léamh agus muid ag meas thoradh an atlais², ach is é an scrúdú is mine, b'fhéidir, an scrúdú atá déanta ag Cathair Ó Dochartaigh ar an ábhar a bhailigh Wagner féin i gCúige Úladh (Ó Dochartaigh, C.,

²Cf., m. sh., Maclennan (1972), Ó Concheanainn (1967), Ó Cróinín (1967), Ó Murchú, M. (1967), Stenson and Ó Ciardha (1986, 1987), agus Watson (1972).

1987). Cibé ar bith locht a bheadh ar thaifeadadh an ábhair in áiteanna eile, is féidir muinín mhór a chur i bhfogharscríobh Wagner maidir le canúintí Uladh, dar leis an Dochartach. Is mór an rud é sin agus muid ag scrúdú ní amháin ábhar Inis Oírr ach ábhar na gceantar ar an mórthír timpeall Chuan na Gaillimhe agus i gContae an Chláir chomh maith.

Tá rud amháin, ámh, a shonrós muid ar an bpointe agus muid ag scrúdú ábhar Inis Oírr san atlas -- leaganacha Gaeilge a chuirfeadh uafás ar aon mhúinteoir Gaeilge. Shonraigh mé féin samplaí ann ar nós (agus iad litrithe de réir an chaighdeáin oifigiúil) "*an bó*", "*an caora*", "*budóig teirim*", "*cúig bo*" agus "*adharc 'm bó*" sna chéad chúig mhír is tríocha, gan dul níos faide. I measc na sé shampla ó Inis Oírr a thugann Finck (agus iad litrithe de réir an chaighdeáin oifigiúil) tá "*dreáthair (sic!) mo mhnaoi*" agus "*plúr na mbean*", le *mnaoi* agus *bean* mar leaganacha ginideacha uatha agus iolra faoi seach den fhocal *bean*. Fuair mé féin samplaí aduaine in Inis Oírr ar nós *Ab' iú Séamas* (= *An tú Séamas*) agus *B' é iascaire (t)ú?* (= *An iascaire thú?*) ó fhear a rugadh sa mbliain 1935 agus ó bhean a rugadh sa mbliain 1949, ach níl a leithéidí le fáil ó bhean óg a rugadh ann sa mbliain 1972. Deirtear go raibh muintir Inis Oírr ar tí an Ghaeilge a thréigean mar theanga phobail ag tús an chéid seo caite, ach nuair a chuir an rialtas nua deontas na Gaeilge ar fáil, gur chloígh muintir an oileáin leis an nGaeilge uaidh sin amach. An comharthaí na laige sin i nGaeilge na glúine a bhí ann ag tús an chéid seo caite na samplaí aisteacha sin?

Caithfear foinsí tábhachtacha eile ar Ghaeilge Inis Oírr a lua. Ar an gcéad dul amach, ba chóir an scéal a bhreac Myles Dillon síos i bhfogharscríobh agus a foilsíodh sa mbliain 1939 a lua arís (Dillon, 1939). Is seoid í a thaispeánann cé mhéad eolais faoi shaintréithe canúna is féidir a bhaint as téacs trí pharagraf atá breactha síos go cúramach ag taighdeoir. D'fhéadfadh muid bailiúchán breá scéalta Heinrich Becker a chur leis an scéal gearr sin, scéalta a bhailigh sé in Inis Oírr sa mbliain 1939 ach nár foilsíodh go dtí an bhliain 1997, faoin teideal *I mBeal na Farraige: Scéalta agus Seanchas faoi Chúrsaí Feamainne ó Bhéal na nDaoine* (Becker, 1997). Níl scéalta Becker i bhfogharscríobh ach is féidir tréithe de dheilbhíocht agus de chomhréir na canúna a shonrú go héasca iontu.

Maidir le deilbhíocht an bhriathair sa gcanúint, tá tráchtas M.A. Bhriain Uí Chatháin mar phríomhfhoinsé luachmhar (Ó Catháin, 1990). Bhain an Cathánach leas ní amháin as na foinsí atá pléite cheana (seachas taighde Becker) ach freisin as ábhar scríofa agus taifeadta ó Roinn Béaloideas Éireann, UCD, as ábhar taifeadta ó Raidió na Gaeltachta, agus as ábhar taifeadta a bhailigh sé féin in Inis Oírr sna blianta 1988-1989. Cé go bhfuil córas litrithe na bhfoinsí go léir caighdeánaithe go haon fhogharscríobh amháin atá an-fhóinéimeach, pléitear gach sampla de bhriathar infhillte a tharlaíonn sna foinsí uiliug, agus leaganacha na n-ainmneacha briathartha go léir chomh maith. Mar fhocal scoir, is fiú cúpla alt a lua: ceann a scríobh an Cathánach féin faoi thrí athrú a tháinig ar Ghaeilge Inis Oírr (Ó Catháin, 1993) agus ceann a scríobh Séamas Ó Murchú faoi fhuaimniu an logainm *Inis Oírr* (Ó Murchú, S., 1992).

Mar a dúirt mé cheana féin, tá fúm féin toradh an taighde a rinne mé in Oileáin Árann a fhoilsiú faoi choimirce Scoil an Léinn Cheiltigh go gairid. Beidh toradh cheistneoir *LASID* ó bheirt i gCorrúch in Inis Mór le foilsiú, chomh maith le 518 tábla faisnéise bunaithe ar thoradh na n-abairtí trialach, le cuid de na tréithe foghraíochta, deilbhíochta agus comhréire is suntasaí sna trí oileán le léamh orthu. Beidh ábhar ó

naonúr faisnéiseoirí in Inis Mór, ó bheirt in Inis Meáin, agus ó thriúr in Inis Oírr ar na táblaí -- ábhar ó 14 duine san iomlán. Is é sin, beidh 37 tábla do gach ceann de 14 faisnéiseoir, agus an tsampláil scaipthe go tomhaiste thar na trí oileán. Seandaoine nó daoine meánaosta atá ina bhfurmhór mór ach tá bean naoi mbliana déag as Inis Oírr ina measc ag comhlíonadh an phictiúir thar thrí ghlúin sna hoileáin.

Le linn an taighde allamuigh, thairfead mé 46 téip 90-nóiméad d'abhar ó na faisnéiseoirí uiliug. Tá foireann de na caiséid sin ag Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, agus foirne eile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ag University of California, Los Angeles. Tá fáilte roimh scoláire ar bith feidhm a bhaint astu.

Mar a dúirt mé ag tús an pháipéir seo, caithfidh muid an t-ábhar teangeolaíoch seo as Oileáin Árann a chur i gcomhthéacs i bhfad níos forleithne. Tá an LASID ann, ar ndóigh, mar phríomháis chuige sin. Bheifí ag scrúdú an ábhair uiliug atá bailithe san atlas ó gach ceann de na pointí atá timpeall Chuan na Gaillimhe, ach mar thús maith ar an obair, ná déantar dearmad ar na léarscáileanna atá sa gcéad imleabhar den atlas. D'fhéadfaí na léarscáileanna ar fad a rangú ina n-aicmí móra agus plé leis an ábhar go córasach. Mar shampla, d'aicmigh mé féin an t-ábhar ar na léarscáileanna mar a leanas: forainmneacha (3 cinn), réamhfhocail (3 cinn), agus forainmneacha réamhfhoclacha (5 cinn), briathra infhillte neamhrialta (20 ceann) briathra infhillte rialta (13 cinn) briathra saora (9 cinn), ainmfhocail bhriathartha (43 cinn), aidiachtaí bhriathartha (6 cinn), aidiachtaí (24 cinn) agus dobhriathra (5 cinn). (B' iontach liom nach raibh ann i measc na n-aidiachtaí ach sampla amháin den fhoirm chomparáideach!) Maidir le hainmfhocail, tá 228 cinn ann, agus is féidir iad sin a aicmiú sách furasta mar a leanas: téarmaí a bhaineann le daoine, le hainmhithe tís, le ainmhithe allta, le huirlisí agus le treallamh na feirme, srl. Bhainfí eolas as na léarscáileanna ansin ní amháin le léargas a fháil ar dháileadh focal amháin ach ar fhoirne focal le íomhá sách téagartha a fháil ar éabhlóid na Gaeilge thar cheantair fhairsinge -- agus ar éabhlóid shaol na ndaoine chomh maith.

Tá dhá thráchtas M.A. scríofa le gairid ag mic léinn de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, a thaispeánfas an saibhreas atá le baint as na ceistneoirí féin san atlas. I gceann acu, *Foirm na hAidiachta i gCanúintí na Gaeilge*, le Eoin Ó Droighneáin (Ó Droighneáin, 1995), tá trácht ar fhoirmeacha na n-aidiachtaí ag na pointí uiliug san atlas: ar dhíochlaontaí na n-aidiachtaí, ar na hathruithe tosaigh a dhéantar (nó nach ndéantar!) orthu, ar an gcéim chomparáide, srl. Ar ndóigh, tá léargas iontach ar mheath an tuisil ghinidigh agus ar mheath infhilleadh na haidiachta maidir le hinscne nó le huimhir an ainmfhocail a rialaíonn í sa bhfrása ainmfhoclach. Sa tráchtas eile, *Na Forainmneacha Réamhfhoclacha i gCanúintí na NuaGhaeilge in Éirinn*, le Dáithí Mac Cárthaigh (Mac Cárthaigh, 1994), tá plé ar fhoirmeacha na bhforainmneach réamhfhoclach ag gach pointe san atlas. Ní gá a rá anseo go mbaineann an t-ábhar seo ar fad go dlúth leis na canúintí in Oileáin Árann, na forainmneacha réamhfhoclacha go áirithe, mar tá siad ar na príomhthréithe a scarann na canúintí sna hoileáin óna chéile agus ó na canúintí ar an mórthír.

Maidir le scoláirí óga a mhealladh chun na hoibre atá le déanamh, féach nár ghá don bheirt scoláire óg úd éisteacht mhaith a bheith acu le obair thábhachtach a dhéanamh sa gcanúineolaíocht. Theastódh eolas maith uathu ar fhogharscríobh IPA agus ar fhogharscríobh Wagner, agus thabharfadh cúrsa leathbhliana sa bhfoghraíocht an méid sin do scoláire óg aibí. Bhí mé féin ag obair le scoláire óg eile ar thoradh an Detroit Dialect Survey (i mBéarla) breis agus tríocha bliain ó shin, ag

éisteacht le téipeanna de chuid an tsuirbhé agus ag breacadh síos leaganacha de ghutaí áirithe nuair nach raibh ach cúrsa amháin foghraíochta déanta againn. Ar ndóigh, ní raibh na tascanna ró-chasta.

Ach maidir leis an gcluas mhaith, bhí mé ag caint an lá cheana le bean óg i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá sí ag déanamh iarchéime sa gceol. Rugadh in Árann í, ach tógadh i gConamara í, agus tá aithne mhaith aici ar mhuintir an dá áit. Tá fúithi taighde a dhéanamh faoi stíleanna ceoil in Árann, ach ba léir go raibh cluas mhaith aici do na canúintí chomh maith, agus go raibh tuiscint mhaith aici ar chúrsaí na canúna i measc an aois óig. Céard a theastódh óna léithéidí le taighde tábhachtach a dhéanamh ar dháileadh tréithe áirithe i gceantair áirithe nó ar na hathruithe a bheadh ag teacht ar chaint an aois óig? Cúrsa foghraíochta? Cúrsa sochtheangeolaíochta? Agus treoir ó am go chéile ó scoláire oilte?

Maidir le foinsí eolais ar na canúintí i Oileáin Árann, tá siad ag dul i méid i gcónaí. Luaigh mé an t-ábhar ó Raidió na Gaeltachta a d'úsáid an scoláire Brian Ó Catháin; maidir le agallaimh a cuireadh ar mhuintir na n-oileán, ba chóir go mbeadh an t-uafás acu ann faoi seo. Mar shampla, bhí Séamas "Jamesy" Ó Flaithearta ag cur agallamh leathuair an chloig ar dhaoine as Inis Mór ar feadh an tsamhraidh seo caite ar a chlár *Caint agus Comhrá as Inis Mór* agus tá macallaí Oirthear na Gaillimhe agus Chinn Mhara le cloisteáil 'chuile Dhomhnach ar an gclar *Bailiúchán Mháirtín Uí Chadhain*.

Tá muid ar ais arís ag an tús, ag breathnú amach ar "Sprachlandschaft" Wagner. Tá fómhar le baint. Cé a dhéanfas an obair?

Tagairtí

- Becker, H. (1997) eag., *I mBéal na Farraige: Scéalta agus Seanchas faoi Chúrsaí Feamainne ó Bhéal na nDaoine*. Indreabhán, Co. na Gaillimhe: Cló Iar-Chonnachta.
- de Bhaldraithe, T. (1953) *Gaeilge Chois Fhairrge: An Deilbhíocht*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- de Bhaldraithe, T. (1966) *The Irish of Cois Fhairrge, Co. Galway: A Phonetic Study*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- de Bhaldraithe, T. (1981) *Seanchas Thomáís Laighléis*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- de Bhaldraithe, T. (1985) *Foirisiún Focal as Gaillimh*. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann.
- Dillon, M. (1939) An Arran Folktale, *Éigse* 1, 7-13.
- Dillon, M. (1939b) Notes from Inishmaan, Co. Galway, *Éigse* 1, 210-213.
- Dillon, M. (1944) Notes from Inishmaan, Co. Galway, *Éigse* 4, 206-207.
- Duran, J. (1992) Doing Dialect Research in the Aran Islands: Some Reflections of a Field Worker, paper presented at the Fourteenth Annual UC Celtic Studies Conference, University of California, Los Angeles, April 24-26, 1992. (unpublished)
- Duran, J. (1994) The Irish Language in Aran, *The Book of Aran*, ed., J. Waddell, J.W. O'Connell, A. Korff, 253-259. Newtownlynch, Kinvara, Co. Galway: Tír Eolas.
- Duran, J. (1995) Branching Trees, Waves, and Rising Tides: Some Reflections on the Notions of "Speech Community" and "Diffusion of Linguistic Traits", *Journal of Celtic Linguistics* 4, 77-88.

- Duran, J. (1996) Micro-Dialectology in Inis Mór: Sociolinguistics or Dialectology?, paper presented at the Eighteenth Annual UC Celtic Studies Conference, University of California, Los Angeles, April 25-28, 1996. (unpublished)
- Finck, F. N. (1899) *Die Araner Mundart: ein Beitrag zur Erforschung des Westirischen*, I *Grammatik*, II *Wörterbuch*. Marburg: N.G. Elwert'sche Verlagsbuchhandlung.
- Holmer, N. (1962) *The Dialects of County Clare* I. Baile Átha Cliath: Royal Irish Academy.
- Holmer, N. (1965) *The Dialects of County Clare* II. Baile Átha Cliath: Royal Irish Academy.
- Kerswill, P. and S. Wright (1990) The Validity of Phonetic Transcription: Limitations of a Sociolinguistic Research Tool, *Language Variation and Change* 2, 256-275.
- König, W. (1988) Zum Problem der Engen Phonetischen Transkription, *Zeitschrift für Dialektologie und Linguistik* 55, 155-178.
- Labov, W. (1972) The Social Motivation of a Sound Change, *Sociolinguistic Patterns*, 1-42. Philadelphia: University of Pennsylvania Press.
- Labov, W. (1972) The Social Stratification of (r) in New York City Department Stores, *Sociolinguistic Patterns*, 43-69. Philadelphia: University of Pennsylvania Press.
- Mac Cárthaigh, D. (1994) *Na Forainmneacha Réamhfhoclacha i gCanúintí na NuaGhaeilge in Éirinn*. (tráchtas M.A., Ollscoil na hÉirinn, Gaillimh).
- MacLennan, G. (1972) The Methodology of the Linguistic Survey of Irish Dialects -- Problems and Pitfalls, *Studia Celtica* 7, 49-62.
- Mahon, W. (1993) First Plural *mar* in Connacht Irish, *Éigse* 27, 81-88.
- Milroy, L. (1987) *Observing and Analysing Natural Language: A Critical Account of Sociolinguistic Method*. Oxford: Basil Blackwell.
- Neubling, D. (1995) Kurzverben in Germanischen Sprachen, *Zeitschrift für Dialektologie und Linguistik* 62, 127-154.
- Ó Cadhain, M. (1970) Aisling agus Aisling Eile, *An tSraith dhá Tógáil*, 65-100. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.
- Ó Catháin, B. (1990) *Cuntas Sionchronach ar Mhoirfeolaíocht an Bhriathair i nGaeilge Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe*. Unpublished M.A. thesis, University College, Dublin.
- Ó Catháin, B. (1993) Drei Neuerungen im Irischen Von Inis Oírr, Co. Galway, *Akten des ersten Symposiums für deutschsprachige Keltologen*, red. M. Rockel und S. Zimmer, 199-207. Berlin.
- Ó Catháin, B. (1993b) Nóta ar R in áit N i nGaeilge Árann, *Éigse* 27, 98-100.
- Ó Concheanainn, T. (1967) Review of LASID, Vol. 3, The Dialects of Connaught, *Éigse* 12, 146-150.
- Ó Cróinín, D. A. (1967) Review of LASID, Vol. 2, The Dialects of Munster, *Éigse* 12, 141-146.
- Ó Curnáin, B. (1999) Observations on a Recent Edition of Recorded Speech from Conamara, *Éigse* 31, 135-158.
- Ó Direáin, S. (2000) Ag Déanamh Taighde ar na Canúintí in Oileáin Árann: Féidearthachtaí, Fadhbanna agus Fócais, páipéar léite ag an gCúigiú Comhdháil do Theangeolaíocht na Gaeilge, Ollscoil Luimnigh, Luimneach, 14-15 Aibreán, 2000. (gan foilsiú)
- Ó Dochartaigh, C. (1987) *Dialects of Ulster Irish*. Belfast: Institute of Irish Studies, the Queen's University of Belfast.
- Ó Dochartaigh, L. (1973) "Muinn" in Árainn, Co. na Gaillimhe, *Éigse* 15, 124-125.
- Ó Droighneáin, E. (1995) *Foirm na hAidiachta i gCanúintí na Gaeilge*. (tráchtas M.A., Ollscoil na hÉireann, Gaillimh).

- Ó Flannagáin, S. (1932) Beart Scéalta ó Árainn, *Béaloideas* 3, 47-52.
- Ó Flannagáin, S. (1934) Tiachóg Scéalta ó Árainn, *Béaloideas* 4, 228-253.
- Ó Flannagáin, S. (1939) Sean-Scéalta ó Árainn, *Béaloideas* 9, 66-88.
- Ó hUiginn, R. (1994) Gaeilge Chonnacht, *Stair na Gaeilge: in ómós do Pádraig Ó Fiannachta*, in eagar ag Kim McCone, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams, Liam Breatnach, 539-609. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig.
- Ó Máille, T. S. (1954) Liosta Focal as Oirthear na Gaillimhe, *Béaloideas* 23, 230-236.
- Ó Máille, T. S. (1974) *Liosta Focal as Ros Muc*. Baile Átha Cliath: Preas Ollscoile Éireann.
- Ó Murchú, M. (1967) Review of LASID, Vol. 2, The Dialects of Munster, *Studia Hibernica* 7, 207-217.
- Ó Murchú, S. (1991) Nótaí Canúna ó Árainn, Contae na Gaillimhe, *Éigse* 25, 95-101.
- Ó Murchú, S. (1992) An tAinm Áite "Inis Oírr", *Éigse* 26, 119-123.
- O' Rahilly, T. (1932) *Irish Dialects Past and Present*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Siadhail, M. (1978) *Téarmaí Tógála agus Tís as Inis Meáin*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Siadhail, M. (1983) *Córas Fuaimanna na Gaeilge*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Siadhail, M. (1989) *Modern Irish: Grammatical Structure and Dialectal Variation*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Scéalta Mháirtín Neile: Bailiúchán Scéalta ó Árainn* (1994). Holger Pedersen a thóg síos sa bhliain 1895; Ole Munch-Pedersen a chóirigh agus a chuir in eagar. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile.
- Stenson, N. and P. Ó Ciardha (1986) The Irish of Ráth Carn -- A Supplement to "Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects" (Part One), *Zeitschrift für Celtische Philologie* 41, 68-115.
- Stenson, N. and P. Ó Ciardha (1987) The Irish of Ráth Carn -- A Supplement to "Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects" (Part Two), *Zeitschrift für Celtische Philologie* 42, 116-137.
- Wagner, H. (1981) *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects. Volume One*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Wagner, H. (1982) *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects. Volume Three*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Watson, S. (1972) Review of LASID, Vol. 4, The Dialects of Ulster and the Isle of Man, *Studia Hibernica* 12, 179-183.